



Uimhir 47 de 2012

**AN tACHT UM AN mBIÚRÓ NÁISIÚNTA
GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE
SOGHONTA), 2012**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Ní bheidh feidhm ag an Acht maidir le caidrimh nó socrúithe áirithe, etc.
4. Rialacháin.
5. Caiteachais.

CUID 2

CÓRAS BUNACHAIR SONRAÍ AN BHIÚRÓ NÁISIÚNTA
GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA)

6. Córas Bunachair Sonraí an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) a bhunú.
7. Feidhmeanna an Bhiúró i ndáil le bunachar sonraí, etc.
8. An clár d'eagraíochtaí iomchuí.
9. Daoine idirchaidrimh a ainmniú agus a chlárú chun críocha an Achta.
10. An clár d'fhaisnéis shonraithe.
11. Clár na ndaoine grinnfhiosraithe.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

CUID 3

NÓSANNA IMEACHTA LE HAGHAIDH NOCHTAÍ GRINNFHIOSRÚCHÁIN

12. Ceanglas maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith obair nó gníomhaíochtaí áirithe.
13. Iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin agus na daoine a fhéadfaidh iarratais a dhéanamh.
14. An Biúró do bhreithniú iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin.
15. Faisnéis shonraithe a mheasúnú.
16. Eagraíochtaí iomchuí do mheasúnú agus d'úsáid noхтаí grinnfhiosrúcháin.
17. Oifigigh achomhairc.
18. Achomhairc i gcoinne cinneadh de chuid Phríomh-Oifigeach an Bhiúró.
19. Ceanglas ar eagraíochtaí sceidealta fógra a thabhairt don Bhiúró i dtaobh faisnéis shonraithe.
20. Ath-ghrinnfhiosrúchán.
21. Grinnfhiosrúchán cúlghabhálach.

CUID 4

ILGHNÉITHEACH

22. Príomh-Oifigeach an Bhiúró a cheapadh agus feidhmeanna Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a tharmligean.
23. Tuarascáil Bhliantúil.
24. Oifigigh um chomhlíonadh.
25. Leasú ar alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.
26. Noхтаí grinnfhiosrúcháin a fhalsú, etc.
27. Pionóis.
28. Dliteanas i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe.
29. Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda — an t-ainm a athrú go dtí an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.
30. Fógraí a sheirbheáil.
31. Foráil idirthréimhseach.
32. Táillí.

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

SCEIDEAL 1

CUID 1

OBair nó gníomhaíochtaí iomchuí a bhaineann le leanaí

CUID 2

OBair nó gníomhaíochtaí iomchuí a bhaineann le daoine
soghonta

SCEIDEAL 2

Eagraíochtaí a gceanglaítear orthu fógra i dtaobh faisnéis
shonraithe a thabhairt don bhiúró

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Uchtála, 2010	2010, Uimh. 21
An tAcht um Chúram Leanaí, 1991	1991, Uimh. 17
Acht na Leanaí, 2001	2001, Uimh. 24
Achtanna na gCuideachtaí	
Acht na bhFiaclóirí, 1985	1985, Uimh. 9
An tAcht Oideachais, 1998	1998, Uimh. 51
An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971	1971, Uimh. 27
Acht an Gharda Síochána, 2005	2005, Uimh. 20
An tAcht Sláinte, 2007	2007, Uimh. 23
An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005	2005, Uimh. 27
Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007	2007, Uimh. 25
An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001	2001, Uimh. 25
Acht na nAltraí, 1985	1985, Uimh. 18
Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011	2011, Uimh. 41
An tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009	2009, Uimh. 15
An tAcht Cógaisíochta, 2007	2007, Uimh. 20



Uimhir 47 de 2012

**AN tACHT UM AN mBIÚRÓ NÁISIÚNTA
GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE
SOGHONTA), 2012**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA A CHOSAINN AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CÓRAS BUNACHAIR SONRAÍ BIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA) A BHUNÚ AGUS A CHOITHABHÁIL; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE NÓSAINN IMEACHTA A BHUNÚ A mBEIDH FEIDHM ACU I LEITH DAOINE AR MIAN LEO GABHÁIL D'OBAINN NÓ DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ ÁIRITHE A BHAINNEANN LE LEANAÍ NÓ LE DAOINE SOGHONTA NÓ SEIRBHÍISÍ ÁIRITHE A SHOLÁTHAR DO LEANAÍ NÓ DO DHAOINE SOGHONTA; DO LEASÚ ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA, 2005; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hAINM LÁR-AONAD GRINNFHIOSRÚCHÁIN AN GHARDA A ATHRÚ GO DTÍ AN BIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[26 Nollaig 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (2)*, tiocfaidh *ailt 20* agus *21* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir cineálacha éagsúla oibre nó

Cd.1 A.1

[*Uimh. 47.*] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

gníomhaíochtaí iomchuí nó faoi threoir aon chríoch áirithe nó foráil áirithe eile agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh obair iomchuí éagsúil nó gníomhaíochtaí iomchuí éagsúla, chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú.

2.—San Acht seo—

forléireofar “achomharcóir” de réir *alt 18*;

ciallaíonn “oifigeach achomhairc” duine a cheapfaidh an tAire faoi *alt 17* mar oifigeach achomhairc;

forléireofar “iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh” de réir *alt 21*;

forléireofar “iarratas ar nochtadh ath-ghrinnfhiosrúcháin” de réir *alt 20*;

forléireofar “duine cuí” de réir *alt 19*;

ciallaíonn “Biúró” Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána;

ciallaíonn “Príomh-Oifigeach an Bhiúró” an duine atá de thuras na huair ceaptha ag Coimisinéir an Gharda chun bheith i gceannas ar an mBiúró;

ciallaíonn “leanbh” duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois;

ciallaíonn “oifigeach um chomhlíonadh” duine a cheapfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró mar oifigeach um chomhlíonadh faoi *alt 24*;

ciallaíonn “conradh fostaíochta”—

(a) conradh seirbhíse nó printíseachta, nó

(b) aon chonradh eile trína gcomhaontaíonn pearsa aonair le duine eile, a bhfuil gnó gníomhaireachta fostaíochta de réir bhrí an Achta um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971, á sheoladh aige nó aici agus atá ag gníomhú i gcúrsa an ghnó sin, aon obair nó seirbhís a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta do thríú duine (bíodh nó ná bíodh an tríú duine ina pháirtí nó ina páirtí sa chonradh),

cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, i gcás é a bheith sainráite, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é;

folaíonn “cion coiriúil” cion faoi dhlí stáit seachas an Stát a fhreagraíonn do chion faoi dhlí an Stáit, i gcás go mbeadh an gníomh nó an neamhghníomh arb é an cion é faoi dhlí an stáit eile ina chion faoi dhlí an Stáit dá mba sa Stát a dhéanfaí é;

ciallaíonn “taifead coiriúil”, i ndáil le duine—

(a) taifead de chiontuíthe an duine, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, mar gheall ar aon chionta coiriúla, mar aon le haon orduithe coimhdeacha nó iarmhartacha a rinneadh de bhun na gciontuíthe lena mbaineann, nó

(b) taifead d’aon ionchúisimh a bheidh ar feitheamh i gcoinne an duine, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, mar gheall ar aon chion coiriúil,

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

CD.1 A.2

nó iad araon;

déanfar “bunachar sonraí” a fhorléiriú de réir *alt 6*;

ciallaíonn “achtachán” reacht nó ionstraim arna dhéanamh nó arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht;

ciallaíonn “Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda” an t-aonad náisiúnta de chuid an Gharda Síochána ar a dtugtar Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda;

ciallaíonn “Coimisinéir an Gharda” Coimisinéir an Gharda Síochána;

ciallaíonn “díobháil”, i ndáil le duine, teacht i dtír ar an duine nó drochúsáid an duine, cibé acu de chorp, de ghnéas nó de mhothúcháin;

forléireofar “duine idirchaidrimh”, i ndáil le heagraíocht iomchuí, de réir *alt 9*;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

ciallaíonn “uimhir aitheantais phearsanta”, i ndáil le duine is ábhar d’iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin, an uimhir chláraithe a shannfaidh an Biúró ina leith chun críocha na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoin Acht seo;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo;

ciallaíonn “socrú príobháideach” socrú arna dhéanamh ag pearsa aonair go soláthróidh aon duine obair nó gníomhaíochtaí iomchuí—

- (a) don phearsa aonair, nó chun tairbhe na pearsan aonair, nó
- (b) do leanbh nó do dhuine soghonta, nó chun tairbhe linbh nó duine shoghonta, is duine de theaghlach na pearsan aonair;

ciallaíonn “clár d’eagraíochtaí iomchuí” an clár arna bhunú agus arna chothabháil faoi *alt 8*;

ciallaíonn “clár d’fhaisnéis shonraithe” an clár arna bhunú agus arna chothabháil faoi *alt 10*;

ciallaíonn “clár na ndaoine grinnfhiosraithe” an clár arna bhunú agus arna chothabháil faoi *alt 11*;

ciallaíonn “eagraíocht iomchuí” duine (lena n-áirítear comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine)—

- (a) (i) a fhostaíonn aon duine (cibé acu faoi chonradh fostaíochta nó ar shlí eile) chun gabháil d’obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí,
- (ii) a dhéanann conradh le haghaidh seirbhísí le haon duine chun go soláthródh an duine sin seirbhísí arb éard iad obair nó gníomhaíochtaí iomchuí,
- (iii) a cheadaíonn d’aon duine (cibé acu is ar chomaoin tráchtála nó ar aon chomaoin eile, nó nach ea) gabháil d’obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí thar ceann an duine,

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

- (iv) is soláthraí cúrsaí oideachais nó oiliúna, lena n-áirítear scéimeanna intéirneachta, do dhaoine agus, mar chuid den oideachas, den oiliúint nó den scéim sin, a dhéanann, nó a dhéanann socrúithe chun, aon duine a shuíomh i dtaithe oibre nó i ngníomhaíochtaí, i gcás go ngabhann rannpháirtíocht in obair nó i ngníomhaíochtaí iomchuí le cuid riachtanach den suíomh,

ach ní fholaíonn sé pearsa aonair a dhéanann ceann ar bith de na nithe dá dtagraítear i *bhfomhíreanna (i)* go *(iv)* i gcúrsa socrú príobháideach,

- (b) a sheolann gnó gníomhaireachta fostaíochta de réir bhrí an Achta um Gníomhaireacht Fostaíochta, 1971 chun daoine a fhostú chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí,
- (c) arna mbunú le hachtachán, nó faoi achtachán, (seachas Achtanna na gCuideachtaí) a bhfolaíonn a fheidhmeanna rialáil, clárú, ceadúnú nó údarú eile (cibé tuairisc atá uirthi nó air) daoine a ghabhann d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí, nó
- (d) atá ionadaitheach chun críocha na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoin Acht seo, do dhuine eile, do thrádáil, do ghairm nó do chomhlacht, d'eagraíocht nó do ghrúpa nó do chomhlacht eile daoine a ghabhann d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí;

ciallaíonn “obair nó gníomhaíochtaí iomchuí”—

- (a) obair nó gníomhaíochtaí iomchuí a bhaineann le leanaí, nó
- (b) obair nó gníomhaíochtaí iomchuí a bhaineann le daoine soghonta;

forléireofar “obair nó gníomhaíochtaí iomchuí a bhaineann le leanaí” de réir *Chuid 1 de Sceideal 1*;

forléireofar “obair nó gníomhaíochtaí iomchuí a bhaineann le daoine soghonta” de réir *Chuid 2 de Sceideal 1*;

ciallaíonn “eagraíocht sceidealta” eagraíocht a shonraítear i *Sceideal 2*;

ciallaíonn “faisnéis shonraithe”, i ndáil le duine is ábhar d'iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin, faisnéis a bhaineann le cinneadh nó líomhain go ndearnadh díobháil do dhuine eile is cinneadh nó líomhain a gheobhaidh an Biúró—

- (a) ón nGarda Síochána de bhun imscrúdú ar chion nó de bhun aon fheidhm eile a thugtar don Gharda Síochána le haon achtachán nó faoi aon achtachán nó leis an dlí coiteann nó faoin dlí coiteann, nó
- (b) ó eagraíocht sceidealta de bhun *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 19*,

i leith an duine agus ar de chineál í is cúis réasúnach le himní *bona fide* go bhféadfadh an duine—

- (i) díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.*

CD.1 A.2

- (ii) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,
- (iii) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,
- (iv) féachaint le díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, nó
- (v) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta;

ciallaíonn “nochtadh grinnfhiosrúcháin”, i leith duine, nochtadh a dhéanann an Biúró i leith an duine faoi *alt 14*;

ciallaíonn “nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin” fiosrú agus scrúdú dá ngabhann an Biúró faoi *alt 14* agus, más cuí, measúnacht ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró ar fhaisnéis shonraithe faoi *alt 15* i ndáil le hiarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith duine ar mian leis nó léi gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí;

ciallaíonn “duine soghonta” duine, seachas leanbh—

- (a) a bhfuil neamhord aigne air nó uirthi, cibé acu de dheasca tinneas meabhrach nó néaltrú,
- (b) a bhfuil míchumas intleachtúil air nó uirthi,
- (c) a bhfuil mallachar coirp air nó uirthi, cibé acu de dheasca díobhála, breoiteachta nó aoise, nó
- (d) a bhfuil míchumas coirp air nó uirthi,

ar de chineál nó de chéim é—

- (i) a chuireann srian ar chumas an duine a bheith san airdeall roimh dhíobháil ó dhuine eile, nó
- (ii) arb é an toradh atá air go mbíonn cabhair ag teastáil ón duine i ndáil le gníomhaíochtaí na beatha laethúla, lena n-áirítear gléasadh, ithe, siúl, ní agus folcadh.

3.—(1) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le ceann ar bith díobh seo a leanas, eadhon:

Ní bheidh feidhm ag an Acht maidir le caidrimh nó socrúithe áirithe, etc.

- (a) aon obair nó gníomhaíochtaí iomchuí dá ngabhtar i gcúrsa caidrimh teaghlaigh;
- (b) aon obair nó gníomhaíochtaí iomchuí dá ngabhtar—
 - (i) i gcúrsa caidreamh pearsanta, agus
 - (ii) gan aon chomaoin tráchtála;
- (c) pearsa aonair do thabhairt cúnaimh—
 - (i) ar bhonn ócáideach, agus
 - (ii) gan aon chomaoin tráchtála,

Cd.1 A.3

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

ag ócáid nó gníomhaíocht scoile, spóirt nó pobail, seachas i gcás go bhfolaíonn an cúnaimh sin cóitseáil, meantóireacht, comhairle, múineadh nó oiliúint leanaí nó daoine soghonta.

(2) San alt seo—

folaíonn “caidreamh teaghlaigh” an caidreamh idir 2 dhuine a chónaíonn in aontíos agus a chaitheann lena chéile mar dhaoine den aon teaghlach amháin;

ciallaíonn “caidreamh pearsanta” an gaol idir cairde nó i measc cairde agus measfar gur cara le pearsa aonair cara le duine de theaghlach na pearsan aonair freisin.

Rialacháin.

4.—(1) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh le haghaidh aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú nó chun a chumasú lánéifeacht a bheith le haon fhoráil den Acht seo.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin Acht seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialachán, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar d’aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Caiteachais.

5.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

CÓRAS BUNACHAIR SONRAÍ AN BHIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA)

Córas Bunachair
Sonraí an Bhiúró
Náisiúnta
Grinnfhiosrúcháin
(Leanaí agus
Daoine Soghonta) a
bhunú.

6.—(1) Déanfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró, a luaithe is féidir tar éis thosach feidhme an ailt seo, a chur faoi deara córas bunachair sonraí a bhunú agus a chothabháil, de réir na Coda seo, ar a dtabharfar Córas Bunachair Sonraí an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) agus dá ngairtear “an bunachar sonraí” san Acht seo.

(2) Is éard a bheidh sa bhunachar sonraí na cláir seo a leanas:

(a) an clár d’eagraíochtaí iomchuí;

(b) an clár d’fhaisnéis shonraithe;

(c) clár na ndaoine grinnfhiosraithe.

(3) Ní úsáidfear an bunachar sonraí ach amháin i dtaca le nochtáí grinnfhiosrúcháin a sholáthar de réir an Achta seo nó mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí.

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

CD.2

7.—(1) Oibreoidh agus cothabhálfaidh an Biúró an bunachar sonraí de réir an Achta seo.

Feidhmeanna an Bhiúró i ndáil le bunachar sonraí, etc.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, déanfaidh an Biúró, de réir an Achta seo, seirbhísí grinnfhiosrúcháin a sholáthar d'eagraíochtaí iomchuí i leith obair nó gníomhaíochtaí iomchuí agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, comhlíonfaidh an Biúró na feidhmeanna seo a leanas i ndáil le seirbhísí grinnfhiosrúcháin a sholáthar, eadhon:

- (a) iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin a fhaigheann sé ó eagraíochtaí iomchuí arna gclárú sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí a bhreithniú agus a phróiseáil;
- (b) na fiosruithe sin is dóigh leis an mBiúró is gá a dhéanamh laistigh den Gharda Síochána chun a shuíomh an bhfuil aon taifid choiriúla nó faisnéis shonraithe ann maidir le daoine is ábhar d'iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin (dá ngairtear “na daoine lena mbaineann” san fho-alt seo);
- (c) an bunachar sonraí a scrúdú d'fhonn a shuíomh an bhfuil sonraí ann d'fhaisnéis shonraithe maidir leis na daoine lena mbaineann;
- (d) na fiosruithe sin a dhéanamh is dóigh leis an mBiúró is gá chun céannacht na ndaoine lena mbaineann a shuíomh;
- (e) measúnacht chun críche nochtadh (nó eile) ar fhaisnéis shonraithe maidir leis na daoine lena mbaineann chun a chinneadh cé acu ar cheart í a nochtadh nó nár cheart;
- (f) na fiosruithe sin is dóigh leis an mBiúró is gá a dhéanamh ar chomhlachtaí sceidealta nó ar an nGarda Síochána, de réir mar a bheidh, chun faisnéis shonraithe a mheasúnú maidir leis na daoine lena mbaineann;
- (g) nochtaí grinnfhiosrúcháin a dhéanamh d'eagraíochtaí iomchuí, de réir fhorálacha an Achta seo, i leith na ndaoine lena mbaineann.

(3) Beidh ag an mBiúró na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

8.—(1) Cuirfidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró faoi deara clár d'eagraíochtaí iomchuí a bhunú agus a chothabháil, i cibé foirm (lena n-áirítear foirm leictreonach) is cuí leis nó léi.

An clár d'eagraíochtaí iomchuí.

(2) Déanfaidh eagraíocht iomchuí, de réir an ailt seo, iarratas chun an Bhiúró ar í a chlárú sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí.

(3) Aon eagraíocht iomchuí a bheidh, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, cláraithe le Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda measfar, ar an tosach feidhme sin, í a bheith cláraithe sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí.

(4) Ní cheanglófar ar eagraíocht iomchuí *fo-alt* (2) a chomhlíonadh má dhéanann eagraíocht iomchuí eile atá cláraithe ar an gclár d'eagraíochtaí iomchuí iarratais ar nochtaí grinnfhiosrúcháin a chur faoi bhráid an Bhiúró thar a ceann.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

(5) Déanfaidh eagraíocht iomchuí a chuirfidh iarratais ar nochtaí grinnfhiosrúcháin faoi bhráid an Bhiúró thar ceann eagraíocht iomchuí eile sonraí ainm agus sheoladh na heagraíochta iomchuí lena mbaineann a thabhairt don Bhiúró.

(6) Aon iarratas faoin alt seo—

- (a) beidh sé i cibé foirm (lena n-áirítear foirm leictreonach) a shonróidh an Biúró,
- (b) sonrófar ann ainm agus seoladh na heagraíochta iomchuí,
- (c) beidh ann cibé faisnéis eile i ndáil leis an eagraíocht iomchuí a theastóidh le réasún ón mBiúró chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo, agus
- (d) beidh ag gabháil leis cibé táille (más ann) a fhorordófar.

(7) Féadfaidh an Biúró—

- (a) aon iarratas ar chlárú faoin alt seo a dhiúltú, nó
- (b) taifead a bhaineann le heagraíocht atá cláraithe sa chlár a bhaint de,

más é a thuairim nach eagraíocht iomchuí, nó nach eagraíocht iomchuí a thuilleadh, de réir mar a bheidh, an eagraíocht.

(8) Déanfaidh an Biúró, a luaithe is indéanta, tar éis dó breith a thabhairt faoin alt seo fógra a thabhairt don eagraíocht i dtaobh na nithe seo a leanas—

- (a) breith an eagraíocht a chlárú,
- (b) breith diúltú an eagraíocht a chlárú, nó
- (c) breith taifead a bhaineann leis an eagraíocht a bhaint den chlár,

agus, i gcás breith dá dtagraítear i *mír (b)* nó *(c)*, sonróidh an Biúró i scríbhinn na forais ar ar tugadh an bhreith.

(9) Aon duine a mhainneoidh *fo-alt (2)* a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(10) In imeachtaí mar gheall ar chion faoi *fho-alt (9)*, is cosaint é don duine cúisithe a shuíomh nach raibh a fhios ag an duine cúisithe ná nach bhféadfaí bheith ag súil le réasún go mbeadh a fhios aige nó aici gurbh eagraíocht iomchuí é nó í nó an eagraíocht, de réir mar a bheidh.

(11) Más rud é go bhfuil sonra arna thairfeadh sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí mícheart, déanfaidh an eagraíocht iomchuí lena mbaineann an sonra, a luaithe is féidir tar éis di teacht ar an eolas go bhfuil sé mícheart, an méid sin a chur in iúl don Bhiúró dá réir sin.

Daoine idirchaidrimh a ainmniú agus a chlárú chun críocha an Achta.

9.—(1) Aon eagraíocht iomchuí atá cláraithe sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí, déanfaidh sí, d'fhonn iarratas a dhéanamh ar nochtaí grinnfhiosrúcháin agus iad a fháil de réir an Achta seo, duine (dá ngairtear an “duine idirchaidrimh” san Acht seo) a ainmniú i scríbhinn chun é nó í a chlárú sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí mar dhuine idirchaidrimh na heagraíochta.

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

CD.2 A.9

(2) Aon eagraíocht iomchuí atá cláraithe sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí féadfaidh sí aon tráth níos mó ná duine amháin a ainmniú faoi *fho-alt (1)*.

(3) Is i cibé foirm a shonróidh an Biúró a bheidh ainmniú faoi *fho-alt (1)*, agus áireofar ann na sonraí seo a leanas i leith an duine a ainmneofar:

- (a) a ainm nó a hainm agus, i gcás go n-úsáideann sé nó sí ainm eile nó ainmneacha eile freisin, gach ceann de na hainmneacha sin;
- (b) i gcás go bhfuil iarainm, lena n-áirítear, más cuí, ainm roimh phósadh, air nó uirthi, an t-ainm sin nó gach ainm acu, de réir mar a bheidh;
- (c) a inscne nó a hinscne;
- (d) ainm a mháthar nó a máthar roimh phósadh;
- (e) a sheoladh nó a seoladh;
- (f) a sheoltaí nó a seoltaí roimhe sin (más ann);
- (g) a dháta breithe nó a dáta breithe;
- (h) a áit bhreithe nó a háit bhreithe;
- (i) a náisiúntacht, más eol;
- (j) a Uimhir Phas nó a hUimhir Phas (má tá sí ar fáil);
- (k) i gcás go bhfuil taifead coiriúil aige nó aici, sonraí an taifid sin;
- (l) cibé faisnéis eile a theastóidh le réasún ón mBiúró chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(4) Lorgfaidh eagraíocht iomchuí nochtadh grinnfhiosrúcháin ar an mBiúró i leith an duine nó na ndaoine a ainmneoidh sí, faoi *fho-alt (1)*, agus beidh feidhm ag *Cuid 3* (seachas *ailt 12* agus *16 (1)*), fara aon mhodhnuithe is gá maidir le hiarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin, faoi dhaoine a ainmnítear amhlaidh, mar atá feidhm aici maidir le hiarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin faoi *alt 14*.

(5) Féadfaidh an Biúró diúltú duine a chlárú mar dhuine idirchaidrimh d'eagraíocht faoin alt seo, más rud é—

- (a) go measann Príomh-Oifigeach an Bhiúró gur duine mí-oiriúnach an duine tar éis na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin a sheolfar i leith an duine, nó
- (b) go meastar le réasún gur líon iomarcach é líon na ndaoine arna n-ainmniú ag an eagraíocht mar dhaoine idirchaidrimh, ag féachaint do mhéid na heagraíochta, agus do líon na nochtaí grinnfhiosrúcháin ar dóigh don eagraíocht iad a lorg.

(6) I gcás go nglacann an Biúró le hainmniú duine mar dhuine idirchaidrimh faoi *fho-alt (1)*, clárófar ainm an duine sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí don eagraíocht lena mbaineann.

Cd.2 A.9

[*Uimh. 47.*] *An tAcht um an mBhúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

(7) Aon duine a bheidh cláraithe ag Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, mar dhuine idirchaidrimh d'eagraíocht, measfar, ar an tosach feidhme sin, é nó í a bheith cláraithe mar dhuine idirchaidrimh don eagraíocht sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí.

(8) Más rud é go bhfuil sonra mícheart taifeadta sa chlár d'eagraíocht iomchuí maidir le duine idirchaidrimh, déanfaidh an eagraíocht iomchuí a mbaineann an sonra léi, a luaithe is féidir tar éis di teacht ar an eolas go bhfuil an sonra mícheart, an méid sin a chur in iúl don Bhúró dá réir sin.

An clár d'fhaisnéis shonraithe.

10.—(1) Cuirfidh Príomh-Oifigeach an Bhúró faoi deara clár d'fhaisnéis shonraithe a bhunú agus a chothabháil, i cibé foirm is cú leis nó léi (lena n-áirítear foirm leictreonach).

(2) Aon fhaisnéis shonraithe i leith duine atá, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, i seilbh Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda, measfar, ar an tosach feidhme sin, í a bheith taifeadta sa chlár d'fhaisnéis shonraithe.

Clár na ndaoine grinnfhiosraithe.

11.—(1) Cuirfidh Príomh-Oifigeach an Bhúró faoi deara clár de dhaoine grinnfhiosraithe ab ábhar nó is ábhair d'iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir an Achta seo, a bhunú agus a chothabháil, i cibé foirm (lena n-áirítear foirm leictreonach) is cú leis nó léi.

(2) Beidh an fhaisnéis seo a leanas i gclár na ndaoine grinnfhiosraithe i leith gach duine grinnfhiosraithe:

- (a) a ainm nó a hainm agus, i gcás go n-úsáideann sé nó sí ainm eile nó ainmneacha eile freisin, gach ceann de na hainmneacha sin;
- (b) i gcás go bhfuil iarainm, lena n-áirítear, más cuí, ainm roimh phósadh, air nó uirthi, an t-ainm sin nó gach ainm acu, de réir mar a bheidh;
- (c) a inscne nó a hinscne;
- (d) ainm a mháthar nó a máthar roimh phósadh;
- (e) a sheoladh nó a seoladh;
- (f) a sheoltaí nó a seoltaí roimhe sin (más ann);
- (g) a dháta breithe nó a dáta breithe;
- (h) a áit bhreithe nó a háit bhreithe;
- (i) a náisiúntacht, más eol;
- (j) a Uimhir Phas nó a hUimhir Phas (má tá sí ar fáil);
- (k) a uimhir aitheantais phearsanta nó a huimhir aitheantais phearsanta (más ann);
- (l) dáta an iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin agus toradh an iarratais;

- (m) ainm agus sonraí na heagraíochta iomchuí atá ag déanamh an iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin;
- (n) an obair nó an ghníomhaíocht iomchuí, agus an eagraíocht iomchuí (más eagraíocht eile í seachas an eagraíocht iomchuí atá ag déanamh an iarratais ar nochtadh grinnfhiosrúcháin), lena mbaineann an t-iarratas;
- (o) dearbhú toilithe dá dtagraítear in *alt 13(4)(e)*;
- (p) sonraí na nochtaí grinnfhiosrúcháin arna ndéanamh i leith an duine ghrinnfhiosraithe;
- (q) cibé faisnéis eile a theastóidh le réasún ón mBiúró chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo.

(3) Aon fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* i leith duine ab ábhar nó is ábhar d'iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin atá, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, i seilbh Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda, measfar, ar an tosach feidhme sin, í a bheith taifeadta i gclár na ndaoine grinnfhiosraithe.

CUID 3

NÓSANNA IMEACHTA LE HAGHAIDH NOCHTAÍ GRINNFHIOSRÚCHÁIN

12.—(1) Ní dhéanfaidh eagraíocht iomchuí—

- (a) aon duine a fhostú (cibé acu faoi chonradh fostaíochta nó ar shlí eile) chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí,
- (b) conradh le haghaidh seirbhísí a dhéanamh le haon duine chun go soláthródh an duine sin seirbhísí arb éard iad obair nó gníomhaíochtaí iomchuí,
- (c) a cheadú d'aon duine gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí thar ceann na heagraíochta (cibé acu is ar chomaoin tráchtála nó ar aon chomaoin eile, nó nach ea),
- (d) i gcás gur soláthraí aon chúrsa oideachais, oiliúna nó scéime, lena n-áirítear scéim intéirneachta, an eagraíocht iomchuí, duine a shuíomh ná socrúithe a dhéanamh chun duine a shuíomh mar chuid den oideachas, den oiliúint nó den scéim sin, má cheanglaítear mar chuid riachtanach rialta den suíomh sin ar an duine páirt a ghlacadh in obair nó i ngníomhaíochtaí iomchuí,

Ceanglas maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith obair nó gníomhaíochtaí áirithe.

mura bhfaighidh an eagraíocht nochtadh grinnfhiosrúcháin ón mBiúró i leith an duine sin.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) In imeachtaí mar gheall ar chion faoi *fho-alt (2)*, is cosaint é don duine cúisithe a shuíomh nach raibh a fhios ag an duine cúisithe ná nach bhféadfaí bheith ag súil le réasún go mbeadh a fhios aige nó aici gurbh obair iomchuí nó gur ghníomhaíochtaí iomchuí an obair nó an ghníomhaíocht lena mbaineann an fhostaíocht, an conradh, an cead nó an suíomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

(4) I gcás—

(a) scrúdaitheoir a fhostú, nó

(b) conradh le haghaidh seirbhísí a dhéanamh le scrúdaitheoir,

(is scrúdaitheoir de réir bhrí an Achta Oideachais, 1998) d'fhonn é nó í do chomhlíonadh go sealadach feidhmeanna i leith seoladh scrúduithe lena mbaineann Cuid VIII den Acht Oideachais, 1998, measfar na hoibleagáidí a chuirtear ar eagraíocht iomchuí de bhun *fho-alt (1)* a bheith comhlíonta i gcás gur múinteoir atá cláraithe ar Chlár na Múinteoirí arna bhunú agus arna chothabháil ag an gComhairle Mhúinteoireachta é nó í an scrúdaitheoir sin.

(5) Ní bhainfidh an t-alt seo le haon fhostaíocht, aon chonradh, aon chead nó aon suíomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus a tosaíodh, a rinneadh nó a tugadh, de réir mar a bheidh, roimh thosach feidhme an ailt seo.

Iarratais ar
 nochtadh
 grinnfhiosrúcháin
 agus na daoine a
 fhéadfaidh iarratais
 a dhéanamh.

13.—(1) Is duine idirchaidrimh d'eagraíocht iomchuí a dhéanfaidh iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith duine.

(2) Féadfaidh eagraíocht iomchuí iarratas a chur faoi bhráid an Bhiúró ar nochtadh grinnfhiosrúcháin faoin alt seo thar a ceann féin nó thar ceann eagraíocht iomchuí eile dá bhfuil an eagraíocht ionadaitheach chun críocha na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoin Acht seo agus, i gcás go gcuireann eagraíocht iomchuí iarratas faoi bhráid an Bhiúró thar ceann eagraíocht iomchuí eile, cuirfidh sí an méid sin in iúl don Bhiúró agus soláthróidh sí na sonraí dá dtagraítear in *alt 8(5)* dó.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, is ceann díobh seo a leanas a dhéanfaidh iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith duine féinfhostaithe—

(a) eagraíocht iomchuí a bheartaíonn conradh a dhéanamh le haghaidh seirbhísí de chuid an duine,

(b) eagraíocht iomchuí dá dtagraítear i *mír (c)* den mhíniú ar eagraíocht iomchuí, nó

(c) eagraíocht iomchuí dá dtagraítear i *mír (d)* den mhíniú ar eagraíocht iomchuí.

(4) Maidir le hiarratas faoin alt seo ar nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith duine—

(a) beidh sé i cibé foirm a shonróidh an Biúró,

(b) áireofar ann an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (5)* i ndáil leis an duine,

(c) sonrófar ann an obair nó an ghníomhaíocht iomchuí lena mbaineann an t-iarratas,

(d) áireofar ann, i cibé foirm a shonróidh an Biúró, dearbhú gur duine idirchaidrimh d'eagraíocht iomchuí an t-iarratasóir agus go n-údaráíonn an eagraíocht dó nó di nochtadh grinnfhiosrúcháin a lorg i leith an duine,

- (e) faoi réir *fho-alt (6)*, áireofar dearbhú (dá ngairtear “dearbhú toilithe” san Acht seo) ann i cibé foirm a shonróidh an Biúró ó dhuine á rá go dtoilfonn sé nó sí leis an iarratas a dhéanamh agus leis an mBiúró do nochtadh faisnéise don duine idirchaidrimh chun críocha an Achta seo, agus
- (f) beidh ag gabháil leis cibé táille (más ann) a fhorordófar.

(5) Déantar, chun críocha *fho-alt (4)(b)*, an fhaisnéis seo a leanas a shocrú i ndáil le duine a ndéantar iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin ina leith:

- (a) a ainm nó a hainm agus, i gcás go n-úsáideann sé nó sí ainm eile nó ainmneacha eile freisin, gach ceann de na hainmneacha sin;
- (b) i gcás go bhfuil iarainm, lena n-áirítear, más cuí, ainm roimh phósadh, air nó uirthi, an t-ainm sin nó gach ainm acu, de réir mar a bheidh;
- (c) a inscne nó a hinscne;
- (d) ainm a mháthar nó a máthar roimh phósadh;
- (e) a sheoladh nó a seoladh;
- (f) a sheoltaí nó a seoltaí roimhe sin (más ann);
- (g) a dháta breithe nó a dáta breithe;
- (h) a áit bhreithe nó a háit bhreithe;
- (i) a náisiúntacht, más eol;
- (j) a Uimhir Phas nó a hUimhir Phas (má tá sí ar fáil);
- (k) a uimhir aitheantais phearsanta nó a huimhir aitheantais phearsanta (más ann);
- (l) i gcás go bhfuil taifead coiriúil aige nó aici, sonraí an taifid sin;
- (m) cibé faisnéis eile a theastóidh le réasún ón mBiúró chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo.

(6) I gcás duine a ndéantar iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin faoin alt seo ina leith a bheith faoi bhun 18 mbliana d’aois, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir de chuid an duine, dearbhú a dhéanamh faoi *fho-alt (4) (e)* thar a cheann nó thar a ceann.

(7) San alt seo, ciallaíonn “duine féinfhostaithe” duine a oibríonn le haghaidh brabúis nó gnóchain, ar shlí seachas faoi chonradh fostaíochta.

14.—(1) I gcás go bhfaighidh an Biúró iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin arna dhéanamh go cuí faoi *alt 13* i leith duine maidir le hobair nó le gníomhaíochtaí iomchuí, déanfaidh an Biúró—

An Biúró do bhreithniú iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin.

- (a) cibé fiosruithe ar an nGarda Síochána a mheasfaidh sé is gá chun a shuíomh an bhfuil aon taifead coiriúil nó aon fhaisnéis shonraithe ann a bhaineann leis an duine, agus

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

- (b) gabháil do scrúdú ar an mbunachar sonraí chun a shuíomh an bhfuil sonraí ann i dtaobh aon taifead ar an duine lena mbaineann nó aon fhaisnéis a bhaineann leis nó léi.

(2) Déanfaidh an Biúró, tar éis a fhiosruithe agus a scrúdú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chríochnú, lena n-áirítear, más cuí, aon mheasúnacht faoi *alt 15*, nochtadh grinnfhiosrúcháin a dhéanamh de réir an ailt seo i cibé foirm (lena n-áirítear foirm leictreonach) a mheasfaidh an Biúró is cuí, don duine idirchaidrimh don eagraíocht iomchuí a rinne an t-iarratas air.

(3) I gcás go measfaidh duine d'fhoireann an Bhiúró go bhfuil faisnéis shonraithe a bhaineann le duine is ábhar d'iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin, tarchuirfidh sé nó sí an ní chuig Príomh-Oifigeach an Bhiúró lena mheasúnú agus lena chinneadh faoi *alt 15* maidir lenar cheart an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh.

(4) Beidh nochtadh grinnfhiosrúcháin i cibé foirm (lena n-áirítear foirm leictreonach) a shonróidh an Biúró agus, maidir leis an duine is ábhar d'iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin—

(a) áireofar ann—

(i) sonraí an taifid choiriúil (más ann) a bhaineann leis an duine, agus

(ii) ráiteas i dtaobh na faisnéise sonraithe (más ann) a bhaineann leis an duine agus a mbeidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró tar éis a chinneadh de réir *alt 15* gur cheart í a nochtadh,

nó

(b) sonrófar ann nach bhfuil aon taifead coiriúil ná aon fhaisnéis shonraithe ann, i ndáil leis an duine.

(5) Ní dhéanfaidh an Biúró nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith an duine is ábhar don iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin má tá achomharc faoi *alt 18* taiscthe aige nó aici nach bhfuil cinneadh déanta ina leith fós.

Faisnéis shonraithe a mheasúnú.

15.—(1) I gcás go dtarchuirfear ní chuig Príomh-Oifigeach an Bhiúró faoi *alt 14(3)* lena mheasúnú agus lena chinneadh, déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra i scríbhinn ina thaobh sin a thabhairt, nó a chur faoi deara é a thabhairt, don duine is ábhar don iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin,

(b) achoimre i scríbhinn a thabhairt don duine sin i dtaobh na faisnéise sonraithe a bhaineann leis nó léi, agus

(c) a chur in iúl don duine sin go bhféadfaidh sé nó sí aighneacht i scríbhinn a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis shonraithe lena mbaineann.

(2) Aon duine a gcuirfear fógra faoi *fho-alt (1)* chuige nó chuici, féadfaidh sé nó sí aighneacht i scríbhinn a dhéanamh chuig Príomh-Oifigeach an Bhiúró maidir leis an bhfaisnéis tráth nach déanaí ná 14 lá, nó cibé tréimhse is faide ná sin a shonróidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró ar chúis mhaith leordhóthanach, ó dháta an fhógra.

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

CD.3 A.15

(3) Déanfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró an t-iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin agus an fhaisnéis shonraithe a bhaineann leis an duine is ábhar don iarratas sin a mheasúnú ach ní dhéanfaidh sé nó sí cinneadh gur cheart an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh mura rud é—

(a) go gcreideann sé nó sí le réasún gur de chineál í an fhaisnéis sin ba chúis le himní *bona fide* go bhféadfadh an duine lena mbaineann—

(i) díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

(ii) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

(iii) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,

(iv) féachaint le díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, nó

(v) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

agus

(b) gur deimhin leis nó léi go bhfuil a nochtadh riachtanach, comhréireach agus réasúnach sna himthosca chun leanaí nó daoine soghonta nó iad araon, de réir mar a bheidh, a chosaint.

(4) Beidh aird ar na nithe seo a leanas ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró le linn dó nó di measúnú a dhéanamh, d'fhonn a chinneadh ar cheart an fhaisnéis shonraithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, agus a bhaineann le duine, a nochtadh, eadhon—

(a) an fhaisnéis lena mbaineann,

(b) a ábhartha atá sí i ndáil leis an gcineál oibre nó gníomhaíochta iomchuí a bhfuil baint ag an iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin lena mbaineann leis,

(c) a mhéid ar dócha gur gá, mar gheall ar an obair nó ar an ngníomhaíocht iomchuí bheartaithe, teagmháil le leanaí nó le daoine soghonta nó leo araon, agus cineál na teagmhála sin,

(d) foinse na faisnéise agus a iontaofa atá sí,

(e) aon aighneachtaí arna ndéanamh ag an duine nó thar ceann an duine faoin alt seo nó de bhun imscrúdú nó próiseas eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(2) d'alt 19* nó ar shlí eile,

(f) cibé acu an ndearnadh cearta an duine a bhreithniú agus a chur i gcuntas ar mhodh atá ar comhréir le cothroime agus le ceartas nádúrtha, agus

(g) aon ní eile is dóigh le Príomh-Oifigeach an Bhiúró is iomchuí maidir leis an iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin lena mbaineann.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

(5) Féadfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró, ach ní bheidh d'oibleagáid air nó uirthi, iarraidh a dhéanamh ar fhaisnéis bhreise ón eagraíocht sceidealta nó ón gcomhalta den Gharda Síochána a thug an fhaisnéis shonraithe lena mbaineann don Bhiúró agus, i gcás go ndéanann sé nó sí amhlaidh, déanfaidh an eagraíocht sceidealta nó an comhalta den Gharda Síochána, de réir mar a bheidh, chuig a ndéantar an iarraidh an céanna a chomhlíonadh laistigh de cibé tréimhse réasúnach a shonróidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró san iarraidh.

(6) I gcás go ndéanann Príomh-Oifigeach an Bhiúró cinneadh faoin alt seo gur cheart faisnéis shonraithe a nochtadh, déanfaidh sé nó sí—

- (a) fógra a thabhairt, nó a chur faoi deara fógra a thabhairt, i scríbhinn don duine is ábhar don iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin lena mbaineann faoin gcinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis,
- (b) cóip den fhaisnéis shonraithe a bheartaítear a nochtadh a sholáthar, nó a chur faoi deara an céanna a sholáthar, don duine,
- (c) fógra a thabhairt, nó a chur faoi deara fógra a thabhairt, don duine á rá go bhfuil sé ar intinn an fhaisnéis shonraithe a nochtadh do dhuine idirchaidrimh don eagraíocht iomchuí lena mbaineann tar éis dheireadh na tréimhse 14 lá ón tráth a thabharfar an fógra, agus
- (d) a chur in iúl, nó a chur faoi deara go gcuirfear in iúl, don duine gur féidir leis nó léi achomharc a dhéanamh chuig oifigeach achomhairc i gcoinne an chinnidh tráth nach déanaí ná 14 lá, nó cibé tréimhse is faide a chinnfidh an t-oifigeach achomhairc ar chúis mhaith leordhóthanach tar éis an dáta a chuirfear an fógra faoin alt seo chuig an duine sin.

(7) Ní dhéanfaidh an Biúró nochtadh grinnfhiosrúcháin i leith duine—

- (a) go dtí go mbeidh an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)(d)* caite, nó
- (b) i gcás gur laistigh den tréimhse chéadluaite sin a thaisctear fógra achomhairc, go dtí go gcinntear an t-achomharc sin, nó go dtí go dtarraingítear siar é,

cibé acu is déanaí.

(8) D'ainneoin ghinearáltacht *mhír (d) d'fho-alt (6)*, féadfaidh duine achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh arna dhéanamh faoin alt seo tar éis dheireadh na tréimhse céadluaite dá dtagraítear san fho-alt sin má cheadaíonn oifigeach achomhairc dó nó di déanamh amhlaidh faoi *alt 18(2)*, ach ní oibreoidh déanamh an achomhairc sin chun cosc a chur le déanamh an nochtála lena mbaineann.

16.—(1) Más rud é go ndéantar nochtadh grinnfhiosrúcháin d'eagraíocht iomchuí agus go bhfuil ann faisnéis maidir le taifid choiriúla, nó faisnéis shonraithe, i leith duine is ábhar d'iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin, déanfaidh an eagraíocht iomchuí, a luaithe is indéanta, cóip den nochtadh grinnfhiosrúcháin a chur ar fáil don duine lena mbaineann.

Eagraíochtaí
iomchuí do
mheasúnú agus
d'úsáid nochtáí
grinnfhiosrúcháin.

(2) Féadfaidh eagraíocht iomchuí dá ndéantar nochtadh grinnfhiosrúcháin de réir an Achta seo, an fhaisnéis go léir a nochtann an Biúró di a bhreithniú agus a chur i gcuntas, le linn di oiriúnacht an duine is ábhar don nochtadh a mheasúnú chun obair nó gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh.

(3) Ní dhéanfaidh eagraíocht iomchuí faisnéis a bheidh i nochtadh grinnfhiosrúcháin arna dhéanamh ag an mBiúró don eagraíocht iomchuí—

(a) a úsáid, ná

(b) a nochtadh,

ar shlí seachas de réir an Achta seo.

(4) Aon duine a sháróidh *fo-alt* (3), beidh sé nó sí ciontach i gcion.

17.—(1) Féadfaidh an tAire duine amháin nó níos mó a cheapadh ina n-oifigigh achomhairc.

Oifigigh
achomhairc.

(2) Is abhcóide cleachtach nó atur nae cleachtach a bhfuil seasamh 7 mbliana ar a laghad aige nó aici aon duine a bheidh le ceapadh mar oifigeach achomhairc.

(3) Maidir le hoifigeach achomhairc—

(a) sealbhóidh sé nó sí oifig ar feadh téarma 3 bliana agus beidh sé nó sí in-athcheaptha mar oifigeach den sórt sin,

(b) faoi réir an Achta seo, beidh sé nó sí neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, agus

(c) íocfar leis nó léi cibé luach saothair agus liúntais a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(4) Maidir le hoifigeach achomhairc—

(a) féadfaidh sé nó sí éirí as oifig trí litir arna díriú chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a gheobhaidh an tAire an litir,

(b) féadfaidh an tAire é nó í a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil an t-oifigeach achomhairc tagtha chun bheith éagumasach mar gheall ar easláinte ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh go héifeachtach, nó gur mhí-iompair an t-oifigeach é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBhúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

Achomhairc i
 gcoinne cinneadh
 de chuid Phríomh-
 Oifigeach an
 Bhúró.

18.—(1) Féadfaidh aon duine (dá ngairtear “an t-achomharcóir” san alt seo) arb éagóir leis nó léi cinneadh de chuid Phríomh-Oifigeach an Bhúró faoi *alt 15*, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an dáta a chuirfear fógra an chinnidh chuig an duine, achomharc a dhéanamh chuig oifigeach achomhairc i gcoinne an chinnidh sin.

(2) Ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón achomharcóir, féadfar an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fhadú go ceann tréimhse breise nach faide ná 14 lá, má chinneann an t-oifigeach achomhairc go bhfuil cúis mhaith leordhóthanach ann chun í a fhadú amhlaidh.

(3) Maidir le hachomharc faoin alt seo—

(a) is i scríbhinn a dhéanfar é,

(b) beidh ag gabháil leis ráiteas faoi na forais a bhfuil an t-achomharcóir ag brath orthu, agus

(c) léireofar ann an amhlaidh gur mian leis an achomharcóir go ndéanfaidh an t-oifigeach achomhairc éisteacht ó bhéal a sheoladh chun críocha an achomhairc.

(4) Féadfaidh an tAire na nósanna imeachta a fhorordú a bheidh le leanúint i leith achomhairc faoin alt seo a sheoladh agus a bhreithniú agus, faoi réir *alt 17(3)(b)*, comhlíonfaidh an t-oifigeach achomhairc na nósanna imeachta sin.

(5) Féadfaidh an t-oifigeach achomhairc, le linn dó nó di achomharc a chinneadh faoin alt seo—

(a) cinneadh Phríomh-Oifigeach an Bhúró a dhaingniú go hiomlán nó go páirteach, nó

(b) cinneadh Phríomh-Oifigeach an Bhúró a chur ar ceal, go hiomlán nó go páirteach, agus cibé breith eile a chur ina ionad is cúf leis an oifigeach achomhairc.

(6) Déanfaidh oifigeach achomhairc a chinneadh nó a cinneadh ar achomharc faoin alt seo, agus na cúiseanna atá leis, a chur in iúl i scríbhinn don achomharcóir agus do Phríomh-Oifigeach an Bhúró.

(7) Féadfaidh achomharcóir tráth ar bith achomharc faoi *fho-alt (1)* a tharraingt siar trí fhógra faoin tarraingt siar a chur go dtí an t-oifigeach achomhairc lena mbaineann, agus cuirfidh an t-oifigeach achomhairc an tarraingt siar in iúl don Bhúró a luaithe is féidir.

(8) Féadfaidh páirtí in achomharc faoin alt seo achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinneadh ar achomharc ó oifigeach achomhairc ar phonc dlí, agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte ar achomharc den sórt sin.

Ceanglas ar
 eagraíochtaí
 sceidealta fógra a
 thabhairt don
 Bhúró i dtaobh
 faisnéis shonraithe.

19.—(1) Más rud é, tar éis imscrúdú, fiosrú nó próiseas rialála (cibé tuairisc atá air) i leith duine, (lena n-áirítear imscrúdú, fiosrú nó próiseas rialála arna thionscnamh ach nach mbeidh críochnaithe fós roimh thosach feidhme an ailt seo) go bhfuil inní *bona fide* ar eagraíocht sceidealta, de thoradh an imscrúdaithe, an fhiosraithe, nó an phróisis rialála, go bhféadfadh an duine is ábhar don imscrúdú, don fhiosrú nó don phróiseas rialála sin—

(a) díobháil a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta,

[2012.] *An tAcht um an mBíúró Náisiúnta [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.*

CD.3 A.19

- (b) a chur faoi deara díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,
- (c) aon leanbh nó aon duine soghonta a chur i mbaol díobhála,
- (d) féachaint le díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta, nó
- (e) duine eile a ghríosú chun díobháil a dhéanamh d'aon leanbh nó d'aon duine soghonta,

déanfaidh an eagraíocht sceidealta, a luaithe is féidir, d'fhonn faisnéis shonraithe a sholáthar don Bhiúró, fógra a thabhairt i scríbhinn don Bhiúró i dtaobh an inní sin, agus luafaidh sí ann na cúiseanna atá leis.

(2) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, más rud é, i gcúrsa a cumhachtaí a fheidhmiú faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, go bhfuil inní *bona fide* ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith duine go ndéanfaidh an duine ceann ar bith de na nithe dá dtagraítear i *míreanna (a) go (e) d'fho-alt (1)*, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a luaithe is féidir, chun faisnéis shonraithe a sholáthar don Bhiúró, fógra a thabhairt don Bhiúró i dtaobh an inní sin, agus luafaidh sí ann na cúiseanna atá leis.

(3) Déanfaidh an eagraíocht sceidealta, i ndáil leis an duine a bhfuil inní uirthi ina leith faoi *fho-alt (1)* nó (2), de réir mar a bheidh, fógra a thabhairt don duine i dtaobh an inní sin, agus i dtaobh é a bheith ar intinn aici fógra a thabhairt don Bhiúró ina thaobh.

(4) Más rud é go bhfuil aon fhaisnéis shonraithe a thabharfaidh eagraíocht sceidealta don Bhiúró faoi *fho-alt (1)* nó (2) mícheart nó míchruinn ar shlí eile, déanfaidh an eagraíocht sceidealta, a luaithe is féidir, tar éis di teacht ar an eolas go bhfuil sí mícheart nó míchruinn, de réir mar a bheidh, an méid sin a chur in iúl don Bhiúró.

(5) Déanfaidh eagraíocht sceidealta duine (dá ngairtear “duine cuí” san Acht seo) a ainmniú mar an duine cuí, don eagraíocht sceidealta, d'fhonn fógra a thabhairt don Bhiúró faoin alt seo.

(6) Féadfaidh eagraíocht sceidealta níos mó ná aon duine amháin a ainmniú mar dhuine cuí don eagraíocht sceidealta.

(7) Beidh feidhm ag *alt 9*, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hainmniú duine chuí d'eagraíocht sceidealta mar atá feidhm aige maidir le hainmniú duine idirchaidrimh d'eagraíocht iomchuí faoin alt sin.

(8) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* nó (2) beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(9) D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo, maidir leis an oibleagáid a fhorchuirtear ar dhuine le *fo-alt (1)* nó (2) faisnéis shonraithe a nochtadh don Bhiúró, gur oibleagáid í i dteannta, agus ní in ionad, aon oibleagáid eile atá ar an duine an fhaisnéis sin a nochtadh don Gharda Síochána.

20.—(1) Aon eagraíocht iomchuí a dhéanfaidh, tar éis nochtadh grinnfhiosrúcháin faoin Acht seo a fháil i leith duine—

Ath-
ghrinnfhiosrúchán.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

- (a) an duine a fhostú (cibé acu faoi chonradh fostaíochta nó ar shlí eile) chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí,
- (b) conradh le haghaidh seirbhísí leis an duine chun go soláthródh an duine seirbhísí arb éard iad obair nó gníomhaíochtaí iomchuí, nó
- (c) a cheadú don duine (cibé acu is ar chomaoin tráchtála, nó ar aon chomaoin eile, nó nach ea) gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí thar a ceann,

déanfaidh sí, tar éis cibé tréimhse a bheidh forordaithe ó eisiúint an nochtadh grinnfhiosrúcháin roimhe sin a bheith caite, agus ag cibé eatraimh dá héis sin a bheidh forordaithe, iarratas breise ar nochtadh grinnfhiosrúcháin (dá ngairtear “iarratas ar nochtadh ath-grinnfhiosrúcháin san Acht seo) i leith an duine sin.

(2) Féadfaidh an tAire i ndáil leis na tréimhsí agus na heatraimh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

- (a) tréimhsí ama agus eatraimh ama a fhorordú i leith eagraíochtaí iomchuí éagsúla nó aicmí éagsúla eagraíochtaí iomchuí, agus
- (b) tréimhsí ama éagsúla nó eatraimh ama éagsúla a fhorordú i leith imthosca éagsúla nó aicmí éagsúla imthosca nó i ndáil le cineálacha éagsúla oibre nó gníomhaíochtaí iomchuí nó le haicmí éagsúla oibre nó gníomhaíochtaí iomchuí.

(3) Beidh aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* ciontach i gcion.

(4) Beidh feidhm ag an gCuid seo (seachas *alt 12*), fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hiarratas ar ath-grinnfhiosrúchán mar atá feidhm aici maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin faoi *alt 13*.

Grinnfhiosrúchán
 cúlghabhálach.

21.—(1) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, go ndéanann eagraíocht iomchuí—

- (a) duine a fhostú (cibé acu faoi chonradh fostaíochta nó ar shlí eile) chun gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí,
- (b) conradh le haghaidh seirbhísí le duine chun go soláthródh an duine seirbhísí arb éard iad obair nó gníomhaíochtaí iomchuí, nó
- (c) a cheadú do dhuine (cibé acu is ar chomaoin tráchtála, nó ar aon chomaoin eile, nó nach ea) gabháil d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí thar a ceann,

déanfaidh an eagraíocht, i gcás nárbh ábhar roimhe sin an duine lena mbaineann d'iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin faoin Acht seo, tráth nach déanaí ná cibé tréimhse a fhorordófar, iarratas a dhéanamh ar nochtadh grinnfhiosrúcháin (dá ngairtear “iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh” san Acht seo) i leith an duine sin.

(2) Féadfaidh an tAire, i ndáil leis an tréimhse ama dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

[2012.] *An tAcht um an mBhúró Náisiúnta [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.*

CD.3 A.21

(a) tréimhsí ama a fhorordú i leith eagraíochtaí iomchuí éagsúla nó aicmí éagsúla eagraíochtaí iomchuí, agus

(b) tréimhsí ama éagsúla a fhorordú i leith imthosca éagsúla nó i leith aicmí éagsúla imthosca nó i ndáil le cineálacha éagsúla oibre nó gníomhaíochtaí iomchuí nó le haicmí éagsúla oibre nó gníomhaíochtaí iomchuí.

(3) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Beidh feidhm ag an gCuid seo (seachas *alt 12*), fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hiarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh mar atá feidhm aici maidir le hiarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin faoi *alt 13*.

CUID 4

ILGHNÉITHEACH

22.—(1) Is é nó is í Coimisinéir an Gharda a cheapfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró.

Príomh-Oifigeach an Bhiúró a cheapadh agus feidhmeanna Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a tharmligeán.

(2) Déanfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró tuarascálacha tréimhsiúla a thabhairt go díreach do Choimisinéir an Gharda i ndáil le comhlíonadh agus bainistiú fheidhmeanna an Bhiúró.

(3) Féadfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna faoin Acht seo (seachas an t-alt seo) a tharmligeán i scríbhinn chuig comhalta d'fhoireann an Bhiúró a shonrófar de réir céime nó ainm.

(4) Aon tarmligeán faoi *fho-alt (2)*—

(a) féadfaidh baint a bheith aige le feidhm a chomhlíonadh cibé acu i gcoitinne nó i gcás áirithe nó in aicme áirithe cáis nó i leith ní áirithe,

(b) féadfar é a chur faoi réir coinníollacha nó srianta, agus

(c) féadfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró é a chúlghairm nó a athrú aon tráth.

(5) Ní choisfidh tarmligeán feidhme faoi *fho-alt (2)* Príomh-Oifigeach an Bhiúró ar an bhfeidhm a chomhlíonadh.

(6) I gcás go ndéanfar feidhmeanna Phríomh-Oifigeach an Bhiúró faoi fhoráil den Acht seo a tharmligeán chuig comhalta d'fhoireann an Bhiúró, forléireofar aon tagairtí san fhoráil sin do Phríomh-Oifigeach an Bhiúró mar thagairtí don chomhalta foirne sin.

(7) Aon ghníomh nó aon ní a dhéanfaidh comhalta d'fhoireann an Bhiúró de bhun tarmligeán faoin alt seo beidh an feidhm chéanna aige agus an éifeacht chéanna leis amhail is dá mba é nó í Príomh-Oifigeach an Bhiúró a rinne é.

23.—(1) A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana, déanfaidh an Bhúró, trí Choimisinéir an Gharda, tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Bhiúró sa bhliain díreach roimhe sin a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara,

Tuarascáil Bhliantúil.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

a luaithe is féidir tar éis an tuarascáil sin a fháil, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, dá mba rud é, murach an fo-alt seo, go mbainfeadh an chéad tuarascáil faoin bhfo-alt sin le tréimhse ba ghiorra ná 6 mhí, bainfidh an tuarascáil leis an tréimhse sin agus leis an mbliain díreach i ndiaidh na tréimhse sin agus tabharfar í a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí, tar éis dheireadh na bliana sin.

Oifigigh um
chomhlíonadh.

24.—(1) Féadfaidh Príomh-Oifigeach an Bhiúró comhalta foirne amháin nó níos mó a shannadh chun bheith ina n-oifigigh um chomhlíonadh chun críocha an Achta seo.

(2) Aon duine a shannfar chun bheith ina oifigeach um chomhlíonadh nó ina hoifigeach um chomhlíonadh faoin alt seo tabharfar barántas ceapacháin dó nó di agus, le linn feidhm a thugtar faoin alt seo a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí, má iarrann aon duine dá ndéanfaidh sé sin difear air nó uirthi déanamh amhlaidh, an barántas sin nó cóip de a thabhairt ar aird don duine sin lena iniúchadh nó lena hiniúchadh.

(3) Féadfaidh oifigeach um chomhlíonadh—

- (a) gach tráth réasúnach dul isteach in aon áitreabh agus iniúchadh a dhéanamh air, is áitreabh a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil sé á áitiú ag eagraíocht iomchuí,
- (b) san áitreabh sin, aon leabhair, taifid, doiciméid eile (lena n-áirítear doiciméid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite), nó sleachta astu a bhaineann le nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoin Acht seo, agus a fhaigheann sé nó sí i gcúrsa a iniúchta nó a hiniúchta, a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh,
- (c) aon leabhair, taifid nó doiciméid den sórt sin a thabhairt chun siúil as an áit sin agus iad a choinneáil ar feadh cibé tréimhse is dóigh leis nó léi le réasún is gá chun críocha an Achta seo,
- (d) a cheangal ar aon duine san áitreabh lena mbaineann, lena n-áirítear an duine idirchaidrimh, nó an duine i bhfeighil na háite nó an áitribh sin, cibé faisnéis agus cúnaimh a thabhairt a bheidh ag teastáil le réasún ón oifigeach um chomhlíonadh chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo,
- (e) a cheangal ar aon duine san áitreabh lena mbaineann, lena n-áirítear an duine idirchaidrimh, an t-úinéir nó an duine i bhfeighil na háite nó an áitribh sin, cibé leabhair, doiciméid nó taifid eile (agus i gcás doiciméid nó taifid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite, atáirgeadh inléite díobh a thabhairt ar aird dó nó di) atá i seilbh an duine sin nó ar fáil aige nó aici, nó faoina urláimh nó faoina hurláimh, a thabhairt ar aird dó nó di, is leabhair, doiciméid nó taifid a bheidh ag teastáil le réasún ón oifigeach um chomhlíonadh chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, agus

- (f) aon duine a bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach um chomhlíonadh lena chreidiúint gur duine idirchaidrimh é nó í, nó go bhfuil sé nó sí fostaithe ag an eagraíocht iomchuí, nó gurb é nó í úinéir na háite nó an áitribh sin, nó gurb é nó í atá ina feighil nó ina fheighil, a scrúdú i ndáil le haon ní faoin Acht seo agus a cheangal ar an duine sin freagra a thabhairt ar cibé ceisteanna a chuirfidh an t-oifigeach um chomhlíonadh air nó uirthi maidir leis na nithe sin, agus dearbhú a dhéanamh go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna sin fíor.

(4) Le linn d'oifigeach um chomhlíonadh feidhm a chomhlíonadh faoin Acht seo, féadfaidh cibé líon oifigeach um chomhlíonadh eile nó comhaltaí den Gharda Síochána, a bheith i dteannta an oifigigh um chomhlíonadh is cuí leis an oifigeach um chomhlíonadh.

(5) Ní rachaidh oifigeach um chomhlíonadh isteach i dteaghais seachas le toiliú an áititheora.

(6) Aon duine—

- (a) a chuirfidh cosc nó bac ar oifigeach nó ar chomhalta den Gharda Síochána i gcúrsa feidhm a chomhlíonadh a thugtar dó nó di faoin alt seo, nó
- (b) a chuirfidh treampán ar an oifigeach nó ar an gcomhalta, de réir mar a bheidh, do chomhlíonadh na feidhme sin,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

25.—Leasaítear alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 trí Leasú ar alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005. “seirbhísí póilíneachta agus slándála, lena n-áirítear seirbhísí grinnfhiosrúcháin, a sholáthar don Stát” a chur in ionad “seirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar don Stát” i bhfo-alt (1).

26.—Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

- (a) go ndéanfaidh sé nó sí nochtadh grinnfhiosrúcháin a fhalsú nó a athrú,
- (b) go ndéanfaidh sé nó sí ráiteas bréagach d'fhonn nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil, nó a chumasú do dhuine eile nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil,
- (c) go gceadóidh sé nó sí do dhuine eile nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhaineann leis nó léi a úsáid ar shlí ba chúis leis an tuairim réasúnach go mbaineann an taifead leis an duine eile sin.

Nochtaí grinnfhiosrúcháin a fhalsú, etc.

27.—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 8(9), 12(2), 16(4), 19(8), 20(3), 21(3)* nó *26* dlífeair— Pionóis.

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana nó iad araon a chur air nó uirthi.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

(2) Aon duine a bheith ciontach i gcion faoi *alt 24(6)* dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Dliteanas i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe.

28.—(1) Más rud é go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlchheadú duine, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh duine, is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta corpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta corpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta corpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta corpraithe é nó í.

Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda — an t-ainm a athrú go dtí an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

29.—Maidir leis an aonad náisiúnta de chuid an Gharda Síochána ar a dtugtaí Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda roimh thosach feidhme an ailt seo, tabharfar an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin air tar éis an tosach feidhme sin.

Fógraí a sheirbheáil.

30.—Maidir le fógra a cheanglaítear a chur chuig duine nó a thabhairt do dhuine faoin Acht seo, is féidir é a chur chuig an duine nó é a thabhairt don duine ar aon cheann de na slite seo a leanas:

- (a) trína sheachadadh ar an duine;
- (b) trína dhíriú ar an duine agus trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi nó, i gcás gur tugadh seoladh le haghaidh seirbheála, ag an seoladh sin;
- (c) trína chur chuig an duine i gclúdach cláraithe réamhíochta go dtí an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi nó, i gcás gur tugadh seoladh le haghaidh seirbheála, go dtí an seoladh sin.

Foráil idirthréimhseach.

31.—Más rud é, roimh thosach feidhme an ailt seo go raibh iarratas ar nochtadh grinnfhiosrúcháin déanta ag duine idirchaidrimh i leith aon duine maidir le hobair nó le gníomhaíochtaí iomchuí ach nach raibh na nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin i ndáil leis críochnaithe ag Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda, ansin, measfar gur iarratas faoi *alt 13* an t-iarratas agus déileálfar leis dá réir sin agus, measfar gur faoin Acht seo a rinneadh aon bheart arna dhéanamh ag Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda roimh an tosach feidhme sin i ndáil leis an iarratas (is beart a cheanglaítear a dhéanamh faoin Acht seo i ndáil le hiarratas faoin Acht seo).

Táillí.

32.—Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le rialacháin, táillí a fhorordú i ndáil le haon cheann nó le gach ceann díobh seo a leanas:

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.*

CD.4 A.32

- (a) eagraíocht iomchuí a chlárú sa chlár d'eagraíochtaí iomchuí;
- (b) nochtadh grinnfhiosrúcháin a sholáthar;
- (c) nochtadh ath-ghrinnfhiosrúcháin a sholáthar;
- (d) nochtadh grinnfhiosrúcháin chúlghabhálaigh a sholáthar.

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

Alt 2.

SCEIDEAL 1

CUID 1

OBAIR NÓ GNÍOMHAÍOCHTAÍ IOMCHUÍ A BHAINNEANN LE LEANAÍ

1. Aon obair nó aon ghníomhaíocht a sheolann duine, ar cuid riachtanach rialta di, go formhór, rochtain a bheith ag an duine ar leanaí, nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanaí—
 - (a) i mbunachas a sholáthraíonn seirbhísí réamhscoile de réir bhrí Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí, 1991,
 - (b) i scoil nó lárionad oideachais, iad araon de réir bhrí an Achta Oideachais, 1998,
 - (c) in aon ospidéal nó lárionad cúraim sláinte a ghlacann leanaí, a chóireáil leanaí nó a sholáthraíonn seirbhísí ar shlí eile do leanaí,
 - (d) i lárionad ainmnithe de réir bhrí alt 2 den Acht Sláinte, 2007, a mhéid a bhaineann sé le foras ina soláthraítear seirbhísí cónaithe de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991,
 - (e) in aonad cúraim speisialta a sholáthraítear agus a chothabháiltear de réir alt 23K den Acht um Chúram Leanaí, 1991,
 - (f) i scoil choinneála leanaí de réir bhrí alt 3 d'Acht na Leanaí, 2001,
 - (g) i lárionad glactha nó i lárionad cóiríochta a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe d'iarratasóirí ar thearmann faoi chonradh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
2. Aon obair nó aon ghníomhaíocht arb éard í duine do sholáthar teagasc baile de bhun na Scéime a riarann agus a mhaoíníonn an Roinn Oideachais agus ar a dtugtar an Scéim um Theagasc Baile.
3. Aon obair nó aon ghníomhaíocht arb éard í cóireáil, teiripe nó comhairliúchán a sholáthraíonn duine do leanbh i gcúrsa na hoibre nó na gníomhaíochta sin.
4. Aon obair nó aon ghníomhaíocht arb éard í cúram nó maoirsiú leanaí mura rud é nach bhfuil ach baint theagmhasach ag an gcúram nó ag an maoirsiú le cúram nó maoirsiú daoine nach leanaí iad.
5. Aon obair nó aon ghníomhaíocht arb éard í gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha a sholáthar (cibé acu is ar chomaoin tráchtála nó ar aon chomaoin eile nó nach ea) do leanaí mura rud é nach bhfuil ach baint theagmhasach ag an soláthar gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha le soláthar gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha do dhaoine nach leanaí iad.

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.*

Sc.1

6. Aon obair nó gníomhaíocht arb éard í seirbhísí comhairle, treorach nó forbartha (lena n-áirítear trí mheán cumarsáide leictreonaí idirghníomhaí) a sholáthar do leanaí mura rud é nach bhfuil ach baint theagmhach ag soláthar na seirbhíse comhairle, treorach nó forbartha le soláthar na seirbhísí sin do dhaoine nach leanaí iad.
7. Aon obair nó gníomhaíocht mar mhinistir nó sagart nó aon duine eile atá ag gabháil d'aon chreidimh reiligiúnacha a chur chun cinn.
8. Obair mar thiománaí feithicle seirbhíse poiblí nach n-úsáidtear ach amháin chun leanaí a iompar.
9. Duine do sholáthar cóiríochta do leanbh ina teach féin nó ina teach féin, cibé acu is ar chomaoin tráchtála nó ar chomaoin eile, nó nach ea.
10. Aon obair thaighde nó gníomhaíochtaí taighde (cibé tuairisc atá uirthi nó orthu) a dhéanfar in ollscoil, in institiúid teicneolaíochta nó i mbunachas eile ina soláthraítear oideachas tríú leibhéal, i gcás go ngabhann teagmháil le leanaí nó rochtain orthu le cuid riachtanach rialta den obair thaighde nó den ghníomhaíocht taighde.
11. Aon iarratas ó dhuine lárionad ainmnithe de réir bhrí alt 2 den Acht Sláinte, 2007 a sheoladh nó a bhainistiú.
12. Aon iarratas ó dhuine ar dhearbhuí incháilitheachta agus oiriúnachta de réir bhrí alt 3 den Acht Uchtála, 2010.
13. Aon mheasúnacht ar oiriúnacht duine chun gníomhú mar chúramóir altrama, arna déanamh le halt 39 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, nó faoi.
14. Aon mheasúnacht ar oiriúnacht duine chun gníomhú mar chúramóir linbh ar gaol leis nó léi é nó í, le halt 41 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, nó faoi.
15. Aon obair nó gníomhaíocht a sheolann duine, agus a gceanglaítear ar an duine mar chuid riachtanach rialta di rochtain a bheith aige nó aici ar leanaí, nó teagmháil a bheith aige nó aici leo, de bhun na n-achtachán seo a leanas:
 - (a) Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007;
 - (b) Acht na nAltraí, 1985;
 - (c) Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011;
 - (d) Acht na bhFiaclóirí, 1985;
 - (e) an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005;
 - (f) an tAcht Cógaisíochta, 2007;
 - (g) an tOrdú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (Bunú), 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000);

Sc.1

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

(h) an tOrdú um an Ordú fán gComhairle um Chúram
Práinne Réamh-Ospidéal (Bunú), 2000 (Leasú), 2004
(I.R. Uimh. 575 de 2004).

CUID 2

OBAIR NÓ GNÍOMHAÍOCHTAÍ IOMCHUÍ A BHAINNEANN LE DAOINE SOGHONTA

Aon obair nó gníomhaíocht a sheolann duine, agus ar cuid
riachtanach rialta di, go formhór, rochtain a bheith ag an duine
ar dhaoine soghonta, nó teagmháil a bheith aige nó aici le
daoine soghonta—

- (a) i scoil nó lárionad oideachais, iad araon de réir bhrí an
Ahta Oideachais, 1998, mura rud é, i gcás lárionad
oideachais, nach bhfuil ach baint theagmhasach ag an
obair nó ag an ngníomhaíocht le hobair nó le
gníomhaíochtaí dá ngabhtar i ndáil le daoine nach daoine
soghonta iad,
 - (b) in aon ospidéal nó lárionad cúraim a ghlacann daoine
soghonta, a chóireálann iad nó a sholáthraíonn seirbhísí
 dóibh ar shlí eile,
 - (c) i lárionad ainmnithe de réir bhrí alt 2 den Acht Sláinte,
2007, a mhéid a bhaineann sé le foras ina bhfuil seirbhísí
cónaithe á soláthar do dhaoine soghonta,
 - (d) i lárionad ceadaithe de réir bhrí Chuid 5 den Acht
Meabhair-Shláinte, 2001.
2. Aon obair nó gníomhaíocht arb éard í coireáil, teiripe nó
comhairliúcháin a sholáthraíonn duine do dhaoine soghonta i
gcúrsa na hoibre nó na gníomhaíochta sin.
 3. Aon obair nó gníomhaíocht arb éard í cúram (lena n-áirítear
soláthar seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta agus
seirbhísí bunúsacha tí) daoine soghonta mura rud é nach bhfuil
ach baint theagmhasach ag an gcúram le cúram daoine nach
daoine soghonta iad.
 4. Aon obair nó gníomhaíocht arb éard í gníomhaíochtaí oideachais,
oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha (cibé
acu is ar chomaoin tráchtála, nó ar aon chomaoin eile, nó nach
ea) sholáthar do dhaoine soghonta mura rud é nach bhfuil ach
baint theagmhasach ag an soláthar gníomhaíochtaí oideachais,
oiliúna, cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha le
soláthar gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna, cultúir, áineasa,
fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha do dhaoine nach daoine
soghonta iad.
 5. Aon obair nó gníomhaíocht arb éard í seirbhísí comhairle, treorach
nó forbartha (lena n-áirítear trí mheán cumarsáide leictreonaí
idirghníomhaí) a sholáthar do dhaoine soghonta mura rud é
nach bhfuil ach baint theagmhasach ag soláthar na seirbhísí
comhairle, treorach nó forbartha le soláthar na seirbhísí sin do
dhaoine nach daoine soghonta iad.
 6. Obair mar thiománaí feithicle seirbhíse poiblí nach n-úsáidtear ach
amháin chun daoine soghonta a iompar.

[2012.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta [Uimh. 47.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.*

Sc.1

7. Aon obair nó gníomhaíocht mar mhinistir nó sagart nó aon duine eile atá ag gabháil d'aon chreidimh reiligiúnacha a chur chun cinn.
8. Duine do sholáthar cóiríochta do dhuine soghonta ina theach féin nó ina teach féin, cibé acu is ar chomaoin tráchtála, nó ar aon chomaoin eile, nó nach ea.
9. Aon obair thaighde nó gníomhaíochtaí taighde (cibé tuairisc atá uirthi nó orthu) a dhéanfar in ollscoil, in institiúid teicneolaíochta nó i mbunachas eile ina soláthraítear oideachas tríú leibhéal i gcás go ngabhann teagmháil le daoine soghonta nó rochtain orthu le cuid riachtanach rialta den obair thaighde nó den ghníomhaíocht taighde.
10. Aon mheasúnacht ar oiriúnacht duine chun gníomhú mar ionadaí cúraim faoi alt 21 den Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009.
11. Aon iarratas ó dhuine lárionad ainmnithe a sheoladh nó a bhainistiú, iad araon de réir bhrí alt 2 den Acht Sláinte, 2007.
12. Aon obair nó gníomhaíocht a sheolann duine agus a gceanglaítear ar an duine mar chuid riachtanach rialta di rochtain a bheith aige nó aici ar dhaoine soghonta nó teagmháil a bheith aige nó aici leo, de bhun na n-achtachán seo a leanas:
 - (a) Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007;
 - (b) Acht na nAltraí, 1985;
 - (c) Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011;
 - (d) Acht na bhFiaclóirí, 1985;
 - (e) an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005;
 - (f) an tAcht Cógaisíochta, 2007;
 - (g) an tOrdú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (Bunú), 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000);
 - (h) an tOrdú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (Bunú), 2000 (Leasú), 2004 (I.R. Uimh. 575 de 2004).

[Uimh. 47.] *An tAcht um an mBiúró Náisiúnta* [2012.]
Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine
Soghonta), 2012.

Alt 19.

SCEIDEAL 2

EAGRAÍOCHTAÍ A GCEANGLÁITEAR ORTHU FÓGRA I DTAOBH FAISNÉIS
SHONRAITHE A THABHAIRT DON BHIÚRÓ

1. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
2. An Chomhairle Mhúinteoireachta.
3. Comhairle na nDochtúirí Leighis.
4. Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.
5. An Chomhairle Fiaclóireachta.
6. An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.
7. An Coimisiún Meabhair-Shláinte.
8. Cumann Cógaiseoirí na hÉireann.
9. An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal.
10. An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.
11. An tÚdarás Iompair Náisiúnta.